

“Ar d’anam ná habair!” Ag insint rúin



Tuiscint & forbairt foclóra

Focail agus frásaí a bhaineann le rún a insint



Feasacht teanga

An t-ainm briathartha sna canúintí



Scileanna cumarsáide

Ag roinnt eolas rúnda le daoine

A: TUISCINT AGUS FORBAIRT FOCLÓRA

1. Líon na bearnaí

Féach siar ar an mír físe, más gá, chun na bearnaí a líonadh leis an bhfocal cuí.

ceo/cheo
gurb/gur

orainn/linn
chruthú/chruthaigh

fianaise/fhianaise
leat/duit

Tony: A Bherni, tá mé ag dul a inseacht rud _____. Ach ar d’anam, ná habair aon _____ le haon duine faoi.

Berni: Céard é féin?

Tony: Tá amhras _____ gurb é Brian a mharaigh Frances.

Berni: Frances?

Tony: Níl muid in ann é a _____. Agus ní féidir aon _____ a fháil. Ach, tá mé beagnach cinnte _____ é a rinne é.

2. An focal ‘ceo’

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Téigí go dtí www.teanglann.ie, cuardaí an focal ‘ceo’ ar an suíomh agus freagraí na ceistanna seo:

a) Cad is brí le ‘ceo’? Cuir in abairt é.

b) Cad is brí le ‘ceo’ sa chomhthéacs ina n-úsáideann Tony é i gCeist 1?

3. An focal ‘anam’

Ag obair leat féin ar dtús, cuardaigh an focal ‘anam’ ar www.teanglann.ie. Tá go leor frásaí eile san fhoclóir a bhfuil ‘anam’ luaite iontu. Roghnaigh frása amháin a thaitníonn leat féin agus scríobh sa bhosca thíos é. Cén frása a bhí ag an duine in aice leat?

4. An focal 'rún'

Is é 'rún' an Ghaeilge atá ar *secret* i mBéarla, ach tá bríonna éagsúla ag baint leis an bhfocal 'rún' freisin. Téigí go dtí an foclóir agus aimsígí trí bhrí eile atá leis an bhfocal 'rún'. Cuirigí in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

1.
2.
3.

B: FEASACHT TEANGA

An t-ainm briathartha sa Chaighdeán agus sna canúintí

Dúirt Toni 'ag inseacht' sa mhír. Is leagan canúnach, nó leagan malartach, é sin den fhoirm chaighdeánach 'ag insint'. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí na tascanna thíos le chéile.

- Cuirigí tic ✓ leis an leagan canúnach sna samplaí thíos agus breacaigí síos an chanúint lena mbaineann sé.

Samplaí	✓	Canúint
a) Ní raibh Máire in ann an bhean a thuigbheáil. Ní raibh Máire in ann an bhean a thuiscint.		
b) Bíonn an fear sin i gcónaí ag insint bréag. Bíonn an fear sin i gcónaí ag inse bréag.		
c) An féidir libh an scáileán a fheiceáil? An féidir libh an scáileán a fheiscint?		
d) Tá an traein ag tíocht. Tá an traein ag teacht.		
e) Ná bí ag ligean ort féin go bhfuil tú tinn. Ná bí ag ligint ort féin go bhfuil tú tinn.		

- Conas a déarfá féin na habairtí thíos as Gaeilge? Athscríobh na habairtí i do chanúint féin. An bhfuil an leagan céanna de gach abairt ag an duine in aice leat?

a) I can't hear the music.	
b) Jimmy likes to win matches.	
c) Can you believe that?	

C: CUMARSÁID

1. Frásaí coitianta a úsáidtear nuair a sceitear rún

Bí ag obair leis na daoine eile sa ghrúpa. An cuimhin libh na frásaí ar fad san fhíseán a úsáidtear chun rún a insint? Breacaigí síos anois iad sa tábla thíos.

Aird duine a fháil	Spéis duine a mhúscailt
Cogar!	Fan go gcloisfidh tú ...
Ag impí ar dhuine gan an rún a sceitheadh	Ag rá go gcoinneoidh tú an rún
Ná habair tada ...	Geallaim duit!

2. Frásaí coitianta a úsáidtear nuair nach rún é ar chor ar bith

Tarlaíonn sé go minic go sceitear rún leat ach go bhfuil an t-eolas sin agat le fada agus nach rún ar chor ar bith é. Cad iad na frásaí a úsáidtear sa chás sin? Mar shampla, *Sure, I've known that for ages* i mBéarla. Breacaigí síos bhur gcuid frásaí sa bhosca:

Ag rá go bhfuil an rún ar eolas agat
Ní haon rún é sin!

3. Rólghníomhaíochtaí

Bígí ag obair i mbeirteanna anois agus tugaigí faoi na rólghníomhaíochtaí seo a leanas. Ná déanaigí dearmad ar an obair ullmhúcháin ar fad atá díreach déanta agaibh. Déanaigí sealaíocht ar na rúin a insint dá chéile. Inseoidh duine A rún (a) do dhuine B agus inseoidh Duine B rún (b) do dhuine A agus mar sin ar aghaidh. Bígí cinnte forbairt mhaith a dhéanamh ar gach comhrá. Mar shampla:

‘Abair le cara leat gur bhuaigh tú €20,000, ach gan é a rá le haon duine.’

Duine A: Cogar, gabh i leith. Tá mé ag dul a insint rud éigin duit, ach an ngeallfaidh tú dom nach ndéarfaidh tú aon cheo le haon duine?

Duine B: Cinnte. Ar m'fhocal, ní déarfaidh mé tada. Cad é?

Duine A: Bhí mé in *Spar* inné agus cheannaigh mé scríobcháirta.

Duine B: Bhuel, agus ...

Duine A: Bhuaigh mé cúpla euro!

Duine B: Ar bhuaigh? Nach iontach é sin? Cé mhéad?

Duine A: Tá sé seo idir mé féin, tú féin agus an balla, nach bhfuil?

Duine B: Geallaim duit go bhfuil. Ní osclóidh mé mo bhéal.

Duine A: Níl mé ach ag insint duitse é nó beidh gach mac máthar ag iarraidh déirce.

Duine B: Cé mhéad? Milliún?

Duine A: Fiche míle!

Duine B: Sin an méid? Shíl mé gur billiúnaí a bhí ionat, ach nach cuma. Chuala mé go bhfuil bialann nua ardnósach sa bhaile mór. An dtabharfá cuireadh amach chun dinnéir dom?

- Abair le cara leat go bhfuil an múinteoir Gaeilge ag siúl amach leis an múinteoir staire.
- Abair le do dheartháir gur theip ort sna scrúduithe arís, ach gan é a rá le do thuismitheoirí.
- Abair le do pháirtí gur briseadh dlúthchara libh as a phost.
- Abair leis an gcara is fearr atá agat go bhfuil tú i ngrá lena d(h)eirfiúr / d(h)eartháir.
- Abair le d'aintín gur chuir tú ding sa ghluaisteán nua, ach gan é a rá le do bhean chéile.
- Abair le cara leat go bhfuil tú ag bogadh go dtí an Astráil, ach gur rún go fóill é.

4. Plé ar rúin

Bí ag obair i ngrúpaí arís agus pléigí na ceisteanna seo le chéile:

- a) Cé hé an duine is mó a bhfuil muinín agat astu chun rún a insint dóibh?
- b) An bhfuil dialann phearsanta agat? Cén fáth?
- c) Cad iad na rúin is mó a bhíonn ag Éireannaigh?
- d) An bhfuil aithne agat ar aon duine atá an-rúnda? Cén fáth a bhfuil siad rúnda, dar leat?
- e) Cathain go deireanach a d'inis duine rún duit? Ar sceith tú an rún?
- f) Dá mbrisfeadh cara leat an dlí ar bhealach éigin, an rachfá chuig na Gardaí?
- g) Ar mhaith leat a bheith i do spiaire ar son an rialtais? Cén fáth?
- h) An mbeadh an saol níos fearr gan rúin?

FREAGRAÍ

A: TUISCINT & FORBAIRT FOCLÓRA

1. Líon na bearnaí

- Tony:** A Bherni, tá mé ag dul a inseacht rud **duit**. Ach ar d'anam, ná habair aon **cheo** le haon duine faoi.
- Berni:** Céard é féin?
- Tony:** Tá amhras **orainn** gurb é Brian a mharaigh Frances.
- Berni:** Frances?
- Tony:** Níl muid in ann é a **chruthú**. Agus ní féidir aon **fhianaise** a fháil. Ach, tá mé beagnach cinnte **gurb** é a rinne é.

2. An focal 'ceo'

Féach:

a) Ceo = mist / fog.	Bhí ceo ann ar maidin agus ní raibh mé in ann aon ní a fheiceáil ar mo bhealach chun na scoile.
b) Ceo = anything / nothing.	Ní dhéanann an fear sin aon cheo ach a bheith ag cur agus ag cúiteamh.

3. An focal 'anam'

Féach:

anam, *m.* (*gs.* ~a, *pl.* ~acha). **1.** Soul. ~ **an duine**, the human soul. ~ **acha na marbh**, **na bhfíréan**, the souls of the dead, of the just. **D'~ a dhéanamh**, to prepare one's soul, to repent. **Cuid d'~ a a ghlacadh**, to receive communion. **Guí le h~ duine**, to pray for (the repose of) the soul of s.o. *Idir ~ is chorp*, body and soul. *Mar mhaithe le d'~*, for the sake of your soul. **Rud a chur le leas d'~ a**, to do something for the good of one's soul. **Duine gan ~**, unfeeling person; lifeless person. **Is dubh ar d'~ é**, you have done a sinful, a grievous, thing. **Tá trua m'~ a agam dó**, from my heart I pity him. **Tá a h~ istigh ann**, she is devoted to him. *Tabhair cead m'~ a dom*, let me say my prayers in peace. **M'~ do Dhia**, (I commend) my soul to God. **Dia le m'~!** God bless my soul! **Dar m'~!** Upon my soul! **M'~ ionat!** My dearest! **(Mo) sheacht mh'~ thú!** Bravo! Well done! **M'~, m'~ le Dia, gur fíor é**, by my soul (I swear) it is true. **Tá, m'~!** Yes, indeed! *D'~ don diabhal!* Go to the devil! *Tá airgead le hanamacha na marbh aige*, he has money to burn. **2.** Life. **An t~ a choinneáil i nduine**, to keep s.o. alive. **D'~ a chur i gcontúirt**, to risk one's life. **Bhain tú an t~ asam**, you frightened the life out of me. *Thit an t~ as, d'fhág an t~ é*, he got the fright of his life. **Dá mbeadh m'~ (i ngeall) air**, if my life depended on it. *D'imigh sé lena ~ orthu*, he escaped with his life from them. **Thug sé a ~ slán leis**, he escaped unharmed. *Rith sé lena ~; rith sé i mbarr, i dtánaiste, ar theann, a ~a*, he ran for his life. **Troid go himirt ~a**, war to the knife. **Beidh d'~ agam**, I'll kill you. **Ar d'~ ná habair é**, don't say it if you value your life. **Ag cur a ~a amach ag gáire**, breaking his heart laughing. *Níl ann ach gur caitheadh an t~ ann*, one would hardly notice that he is alive. **Coimrí m'~ a ar Dhia!** God keep me from harm! **3.** Liveliness, spirit; breath. ~ **a chur sa chuideachta, sa cheol**, to liven up the company, the music. *Cuir ~ ionat féin*, look alive, bestir yourself. **Lán d'~**, in high spirits. ~ *maith gaoithe*, good breath of wind. (*Var:pl. ~anna; f*)

4. An focal 'rún'

Féach:

secret	mystery	resolution	love	intention
--------	---------	------------	------	-----------

B: FEASACHT TEANGA

1. An t-ainm briathartha sa Chaighdeán agus sna canúintí

Féach:

Samplaí	✓	Canúint
a) Ní raibh Máire in ann an bhean a thuigbheáil. Ní raibh Máire in ann an bhean a thuiscint.	✓	CU
b) Bíonn an fear sin i gcónaí ag insint bréag. Bíonn an fear sin i gcónaí ag inse bréag.	✓	CU
c) An féidir libh an scáileán a fheiceáil? An féidir libh an scáileán a fheiscint?	✓	CM
d) Tá an traein ag tíocht. Tá an traein ag teacht.	✓	CC
e) Ná bí ag ligean ort féin go bhfuil tú tinn. Ná bí ag ligint ort féin go bhfuil tú tinn.	✓	CU/CM

2. Mar shampla:

a) I can hear the music.	Is féidir liom an ceol a chluinstin/a chloisint (a chloisteáil)
b) Jimmy likes to win matches.	Is maith le Jimmy cluichí a bhuachaint. (a bhuachan)
c) Can you believe that?	An féidir leat é sin a chreidbheáil? (a chreidiúint)

C: CUMARSÁID

1. Frásaí coitianta a úsáidtear nuair a sceitear rún

Féach:

Aird duine a fháil	Spéis duine a mhúscailt
Cogar, gabh i leith, éist, goitse.	Fan go gcloisfidh tú ... Fan go n-inseoidh mé duit ... Tá mé ag dul a insint rud éigin duit. Tá rud éigin le rá agam.

Ag impí ar dhuine gan an rún a sceitheadh	Ag rá go gcoinneoidh tú an rún
Ná habair tada ... Ní uaimse a chuala tú é. Ar d'anam ná habair. Idir mé féin, tú féin agus an balla. Coinnigh síos é! Ní déarfaidh tú tada le haon duine ... Abair liom nach bhfuil tú chun tada a rá.	Geallaim duit! Ar m'fhocal! Ní déarfaidh mé aon cheo. Ní osclóidh mé mo bhéal. Eadrainn féin atá sé.

2. Frásaí coitianta a úsáidtear nuair nach rún é ar chor ar bith

Féach:

Ag rá go bhfuil an rún ar eolas agat
Ní haon rún é sin! Tá a fhios ag an saol mór é sin. Tá a fhios ag madraí an bhaile an scéal sin. Tá a fhios ag an domhan agus a mháthair faoi sin. Ní scéal rúin ar bith é sin. Sin seanscéal agus meirg air.

3. Rólghníomhaíochtaí

Léigh na treoracha, na *scenarios* ar fad agus an comhrá samplach leis an rang iomlán le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud. Bí cinnte go dtuigeann na foghlaimeoirí go gcaithfidh siad forbairt a dhéanamh ar an gcomhrá i ngach cás. Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leo agus ag cuidiú leo. Iarr ar bheirteanna éagsúla na comhráite a dhéanamh os comhair an ranga.

4. Plé ar rúin

Roinn an rang i ngrúpaí agus tabhair tamall cainte do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile.

AN SCRIPT

Intreoir

Fáilte chuig SnasTV Ros na Rún, Sraith 2, Ceacht 4. Ar d'anam ná habair! – Ag insint rúin.

An bhfuil tú féin go maith ag coinneáil scéalta faoi rún? Nó, an mbíonn an claonadh agat a bheith béalscaoilte agus eolas rúnda a sceitheadh? *Can you be trusted with a secret or do you have a tendency to spill the beans?* Bíonn focail agus frásaí faoi leith ag teastáil le rún a insint, ar ndóigh, le haird an duine eile a fháil agus lena chinntiú nach sceithfear an t-eolas. Sa cheacht seo, breathnóidh muid ar chuid den teanga sin.

Féach ar dtús ar an mhír seo anois ina bhfuil Tony ag insint rúin do Bherni agus tabhair faoi deara na frásaí a úsáideann sé leis an scéal a sceitheadh.

An mhír físe ó Ros na Rún

- Tony: A Bherni, tá mé ag dul a inseacht rud duit. Ach ar d'anam, ná habair aon cheo le haon duine faoi.
- Berni: Céard é féin?
- Tony: Tá amhras orainn gurb é Brian a mharaigh Frances.
- Berni: Frances?
- Tony: Níl muid in ann é a chruthú. Agus ní féidir aon fhianaise a fháil. Ach, tá mé beagnach cinnte gurb é a rinne é.

An thuig tú?

- Tá mé ag dul a inseacht rud duit. – *I'm going to tell you something.*
- Inseacht – sin an leagan Connachtach ar 'insint'.
- Anam – *soul*. Ach 'ar d'anam' – *on your life*.
- Ná habair aon cheo! – *Don't say anything!*
- Amhras – *doubt*. Tá amhras orainn – *we suspect*.
- Cruthú – *to create*. Ach sa chás seo, ciallaíonn sé *to prove*. Rud a chruthú.
- Fianaise – *evidence*.

Spotsolas ar an gcumarsáid

Le cuidiú ónár gcairde i Ros na Rún, caithfidh muid spotsolas anois ar roinnt frásaí úsáideacha a bhaineann le rúin a insint do dhuine agus a chinntiú nach sceithfidh siad an t-eolas! *We'll look at some handy phrases you might use to tell someone a secret and to make sure they don't let the cat out of the bag!* Pléifidh muid chomh maith conas a rá le duine nach sceithfidh muid an rún. Ar dtús, caithfidh muid aird duine a fháil. Cogar, gabh i leith, éist, goitse, *C'mere*

- Tadhg: Oh agus gabh i leith, cogar!
- Manus: Éist, tá mé ag iarraidh gar ort.
- Bobby Lee: Gabh i leith go bhfeice tú an píosa seo.

Ansin, caithfidh muid spéis an duine a mhúscailt. *Wait till you hear the craic*. Dúirt bean liom go ndúirt bean léi. *A wee birdie told me* agus mar sin de. An cuimhin leat cad a dúirt Tony? Féach air arís:

Tony: Berni, tá mé ag dul a inseacht rud duit.

Tá mé ag dul a inseacht rud duit. Tá rud éigin le rá agam leat. Is féidir leat 'fan go gcloisfidh tú' nó 'fan go n-inseoidh mé duit!' a rá freisin.

Caithfidh muid impí ar dhuine freisin gan an rún a sceitheadh. *Shhh*. Ní uaimse a chuala tú é. *You didn't hear it from me*. 'Ar d'anam ná habair aon cheo le haon duine' a dúirt Tony. Is féidir, 'idir mé féin agus tú féin' a rá freisin, nó 'tá sé seo idir mé féin, tú féin is an balla!' *Between myself, yourself and the wall!* Cuir cluas ort féin do na samplaí seo sa ghearrthóg:

Coinnigh síos é!

Níl mé ag iarraidh go gcloisfeadh sé é ó aon duine eile.

Ní déarfadh tú tada le haon duine faoi.

Abair liom nach bhfuil tú chun tada a rá.

Sonia: *Shhh*. Coinnigh síos é! Níl a fhios ag Sam fós agus níl mé ag iarraidh go gcloisfeadh sé é ó aon duine eile.

Bobbi Lee: Ach, cén fáth nár inis tú dó é?

Mack: D'inis Sorcha duit faoin méid a tharla?

Michelle: *Yeah!* D'inis.

Mack: Ní déarfadh tú tada le haon duine faoi? Tá sé os cionn bliana ó chodail mé léi agus ...

Sonia: Colm, abair liom nach bhfuil tú chun tada a rá le Mack faoin oíche cheana, an bhfuil?

Agus, go minic, geallann muid nach n-inseoidh muid aon cheo d'aon duine. Ar m'fhocal, *on my word*, ní déarfadh mé aon rud. Ní osclóidh mé mo bhéal. *Mum's the word*. Eadrainn féin atá sé – *it's between us*, a deir Diana sa ghearrthóg seo, agus geallaim duit. *I promise you*. Deir Sonia, 'Geallaim duit, ní déarfadh mé tada le haon duine.'

Diana: Féadfaidh tú labhairt liom faoi agus bheadh sé eadrainn féin. Geallaim duit é.

Sonia: Breathnaigh Diana, geallaim duit! Ní déarfadh mé tada le haon duine.

Ar thug tú faoi deara

Ar thug tú faoi deara an dóigh a ndúirt Toni ‘inseacht’? Is leagan canúnach nó malartach é sin den ainm briathartha ‘insint’. ‘Ag inse’ a deirim féin. Is minic a bhíonn leagan faoi leith de na hainmneacha briathartha sna canúintí éagsúla agus tá siad iomlán ceart agus ceadaithe. Is féidir na leaganacha malartacha a bhaineann le do chanúint féin a fhoghlaim agus iad a úsáid sa chaint agus sa scríobh. Moltar, áfach, an leagan caighdeánach a scríobh i dtéacsanna áirithe foirmiúla, ar nós comharthaí poiblí, ar eagla go mbeadh aon mhíthuiscint ag baint leis an leagan canúnach. Mura mbíonn tú iomlán cinnte faoin leagan caighdeánach, cuardaigh an t-ainm briathartha san fhoclóir. Scríobh isteach an leagan malartach – ‘inseacht’ agus feicfidh tú gurb é ‘insint’ an leagan caighdeánach a bhaineann leis.

Anois, cogar, nach bhfuil a fhios agat go bhfuil tuilleadh eolais faoi ábhar an cheachta seo ar snas.ie.

